

# FIOSRÚ FUAIMEANNA

J SÓISEAR

| | |
|---|---|
| **Trealamh:** | **1.** Cartáin ime le clúdaigh nó miasa Petri nó soithigh eile le clúdaigh; nithe éagsúla le craitheadh istigh iontu (m.sh. salann, boinn airgid, pasta amh, fáiscíní páipéir….); páipéar le filleadh timpeall ar ana soithigh; pictiúir de na nithe seo (nó tuilleadh díobh gan clúdach orthu).<br>**2.** Cartáin ime, bandaí rubair, pinn luaidhe,    |
| **Leibhéal Ranga molta:** | Na leanaí is óige |
| **Ullmhúchán:** | Cuir na 'Boscaí Fuaime'; cuir nithe éagsúla i ngach bosca agus fill i bpáipéar iad. Cuir lipéidí A,B,C,D,E…. orthu agus déan nóta de na nithe a bhí i ngach ceann. |
| **Eolas Cúlra:** | Déantar fuaim le tonnchrith a thaistealaíonn tríd an aer nó trí mheán eile (m.sh. uisce, miotal, adhmad, srl). Is féidir tonnchrith a dhéanmh trí shreang a phiocadh, trí shéideadh nó le buillí. Faightear nótaí níos airde ó shreanganna nó ó cholúin aier atá níos giorra. Faightear fuaimeanna níos airde ó shrreanganna agus ó chraiceann drumaí atá níos teainne. Nuair a bhíonn tonnchrith i rud corraíonn sé an t-aer mórthimpeall air. Corraíonn an t-aer seo an t-aer taobh leis agus mar sin de. Tá sé beagán cosúil leis an tonnchrith a théann trí 'Slinky'. Cloiseann tú fuaim nuair a shroicheann an tonnchrith seo do chluas.  |
| **Ceisteanna Spreagtha:** | Cad is fuaim ann?<br>Cad is tonnchrith ann?<br>Conas a dhéantar fuaimeanna?<br>An bhfuil gach fuaim taitneamhach?<br>Smaoinigh ar fhocail chun chur síos ar fhuaim (Glórach/bog, ard/íseal, binn/míthaitneamhach…. |
| **Comhábhar:** | **EOLAÍOCHT:** Fuaim : Fuaim – fuaimeanna arda agus ísle a aithint agus a idirdhealú.<br>Nithe beo: mise, an chluas |
| | **MATA:** Tomhais: Fad<br>Ordú |
| **Scileanna:** | Tuar, Fiosrú, Breathnú, Taifeadadh, Anailísiú |


# FIOSRÚ FUAIMEANNA

J SÓISEAR

**Nascanna Traschuraclam:**

Ceol

OSPS: Mise, eolas faoi mo cholainn, an chluas



**Gníomhaíocht:**

**1. Fuaimeanna a aithint agus a ainmniú**
Craitheann na leanaí na boscaí faoi chlúdach agus éisteann siad leis na fuaimeanna. Tugann siad buille faoi thuairm faoina bhfuil i ngach bosca.

Féadfaidh said iarracht a dhéanamh na fuaimeanna a mheaitseáil leis na nithe atá sna boscaí, nó le tacar nithe eile atá gach chlúdach.

Is féidir úsáid foclóra a spreagadh do na fuaimeanna éagsúla: siosarnach, gliogarnach srl



**2. Sreanganna a stoitheadh chun tonnchrith a chruthú**
Treoir ghonta faoin gcaoi a ndéantar fuaimeanna: sreanganna a stoitheadh (m.sh. giotar), séideadh (m.sh. uirlisí gaoithe) cnagadh/bualadh (m.sh. drumaí). D'fhéadfaí a iarraidh ar na leanaí tamall gearr a chaitheamh ag déanamh fuaimeanna de thuinairde éagsúil, agus a iarraidh orthu ansin cur síos a dhéanamh orthu mar 'íseal', 'meánach' nó 'ard'. (Is féidir é seo a dhéanamh le cabhair uirlis ceoil).

TABHAIR FAOI DEARA: NUAIR A BHÍONN EOLAITHE AG CAINT FAOI FHUAIM A BHEITH 'ÍSEAL' NÓ 'ARD' BÍONN AN TUINAIRDE I GCEIST ACU. NUAIR A THEASTAÍONN UATHU LABHAIRT FAOI AIRDE FUAIME LABHRAÍONN SIAD FAOI Í A BHEITH 'BOG' NÓ 'GLÓRACH'.

Fiafraigh ansin: "An gceapann sibh go ndéanann fad sreinge aon difríocht d'fhuaim an nóta?"

"An ndéanfaidh sreang fhada nóta níos airde nó níos ísle ná sreang ghearr? Nó an nóta céanna?"

DÉANAIMIS FIOSRÚ!

Tabhair cartán ime agus banda leaisteach do na leanaí agus iarr orthu an banda leaisteach a fhilleadh ar a fhad timpeall ar an gcartáin. Iarr orthu an banda leaisteach a stoitheadh agus cur síos a dhéanamh ar an bhfuaim a chloiseann siad ('íseal', 'meánach' nó 'ard').

"Smaoinigh anois ar bhealach chun faid éagsúla de bhanda leaisteach a stoitheadh, ag úsáid an chartáin agus an bhanda céanna, agus b'fhéidir peann luaidhe.

D'fhéadfaí mar shampla an banda leaisteach a fhilleadh ar a fhad timpeall ar an gcartán ime; ansin cuir an peann luaidhe ar a leithead trasna an chartáin faoin mbanda leaisteach. (Nuair a bhogtar an peann luaidhe suas agus síos athraítear fad an bhanda leaisteach, mar nach dtéann an tonnchrith níos faide ná an peann luaidhe).


Stoitear faid éagsúla an bhanda leaisteach ansin, agus déanann na leanaí nóta den fhuaim a chloiseann siad.

# FIOSRÚ FUAIMEANNA

J SÓISEAR

Ba chóir na torthaí a thaifeadadh:

| | 'Sreang' ghearr | 'Sreang' mheánach | 'Sreang' fhada |
|---|---|---|---|
| Tuinairde an Nóta (Íseal, Meánach nó Ard | | | |




MATA: D'fhéadfadh na leanaí fad an na coda den sreang atá ag tonnchraitheadh a thomhas i ngach cás (in aonaid chaighdeánacha nó neamhchaighdeánacha

**Sábháilteacht:**

**Gníomhaíocht leantach:**



**1.** Dearadh agus déanamh cnaguirlise.

**2.** Is féidir leis na leanaí comparáid a dhéanamh chomh maith (le tástáil chothrom: "cad a athróimid? Cad a choimeádfaimid mar an gcéanna? Cad a bhreathnóimid/ a thomhaisimid?")

**(i)** Bandaí leaisteacha níos tibhe nó níos caoile; ( Coinnigh fad agus teannas mar an gcéanna; athraigh an tiús; Tabhair faoi deara) an tuinairde (Níos tibhe = níos ísle; níos caoile = níos airde

**(ii)** Bandaí leaisteacha níos scaoilte agus níos teinne. ( Coinnigh fad agus tiús mar an gcéanna - is féidir an banda leaisteach céanna a úsáid; athraigh: teinne; Tabhair faoi deara: an tuinairde)(níos scaoilte = níos ísle; níos teinne níos airde